# Tuarascáil Bhliantúil 2006

Personal
Injuries Assessment
Board

© An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Baile Átha Cliath
Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,
nó tríd an bpost ó
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
(Teil: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

© Rialtas na hÉireann

DUBLIN
published by the Stationery Office
To be purchased directly from the
Government Publications Sales Office, Sun Alliance House, Molesworth Street, Dublin 2,
or by mail order from
Government Publications, Postal Trade Section,
51 Stephen's Green, Dublin 2.
(Tel: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

€5.00

Meitheamh, 2007

PRN: A7/1009

*"An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail."*

## CLÁR


| | |
|---|---|
| RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH | 4 |
| RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH | 5 |
| GLUAIS TÉARMAÍ | 7 |
| ROINN 1 – Réamhrá don PIAB | 9 |
| ROINN 2 – Torthaí 2006 | 15 |
| ROINN 3 – An Eagraíocht | 23 |
| ROINN 4 – Cumarsáid agus Sástacht na gCustaiméirí | 31 |
| ROINN 5 – Anailís Costas-Tairbhe | 35 |
| AGUISÍN 1 – Sliocht as Ráitis Airgeadais agus Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh | 39 |

## RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Tá an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ag seachadadh na gcuspóirí a leagadh síos nuair a bunaíodh é, mar a léirítear sa teideal fada d'Acht 2003 – chun go bhféadfar éilimh chuí a shocrú gan aon ghá a bheith le dlíthíocht.

Is údar áthais é go nglactar le 2 as 3 dámhachtain a dhéanann an PIAB faoi láthair. Tá roinnt fianaise ann freisin a léiríonn go bhfuil éilimh ann a shocraítear ar deireadh don tsuim chéanna ach a dhéantar a chomhaireamh mar dhámhachtainí diúltaithe ar dtús báire.


Ceann de na nithe is iontaí ar fad ná an líon éileamh a shocraítear go díreach laistigh den 90 lá tar éis iarratas PIAB agus sula dtosaíonn an próiseas measúnaithe foirmiúil. Is cinnte gur athrú mór é sin ón socrú dlíthíochta a bhítí a dhéanamh ar chéimeanna na Cúirte tar éis blianta d'imeachtaí dlí. Is cosúil gur chuidigh foilsiú an Leabhar Cainníochtaí le go leor páirtithe a gcuid díospóidí a thabhairt chun críche gan dlíthíocht sháraíochta a bheith riachtanach, próiseas a mbíodh forchostas 46% i gceist leo riamh anall.

Rinne Measúnóirí Reachtúla an PIAB an 10,000ú dámhachtain i mí na Bealtaine 2007, agus ba os cionn 7 mí an meánthréimhse críochnaitheach ó thoiliú, agus ba mhian leis an mBord Rialaithe comhghairdeas a dhéanamh leis an bhFoireann Fheidhmiúcháin agus leis an bhfoireann tiomanta ó raon leathan cúlraí a chuir a gcuid taithí i bhfeidhm ar na dúshláin a bhíonn os comhair an PIAB ó lá go lá.

Glacaimid buíochas leis an Rialtas freisin, go háirithe an tAire Micheál Martin, mar aon le tacaíocht ó na páirtithe go léir de Chomhchoiste an Oireachtais ar Fhiontar agus ar Mhionghnó. D'éirigh leo an méid sin a bhaint amach ar mhaithe le héilitheoirí a rinneadh díobháil orthu i ndáiríre agus ar mhaithe le hiomaíochas an gheilleagair mar go bhfuil buntáistí ann do chostas gach earra agus seirbhís toisc muirir phréimhe a bheith laghdaithe. Is do dhaoine eile seachas don PIAB a bhreithniú cibé ar bhain muirir árachais amach an leibhéal uaillmhianta ach is saincheist í nach féidir leis an bpobal neamhaird a dhéanamh di.

Tá roinnt oibre eile amach romhainn áfach a mbeidh suim ag tomhaltóirí ann. Bíonn costais dlí ar fhormhór na n-éilitheoirí i gcásanna díreacha ach d'fhéadfadh siad glanchúiteamh níos airde a bhaint amach dá mbeadh siad ag déileáil go díreach leis an PIAB ar tháille shocraithe de €50. Sula rinneadh an t-athbhreithniú breithiúnach i gcás Declan O'Brien v An Bord um Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2005, atá ag feitheamh achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach, nuair a cuireadh daoine ar an eolas maidir leis an rogha a bhí acu déileáil go díreach leis an PIAB, ghlac os cionn 50% d'éilitheoirí leis an deis sin a dhéanamh. Bhain daoine i ngach aoisghrúpa agus as gach cúlra leas as an bpróiseas gan deacracht le cabhair ónár nIonad Seirbhísí atá oscailte ó Luan go Satharn ón 8am go 8pm ar LóGhlao 1890 829 121. Mar thoradh ar na gearáin a fuarthas ó roinnt éilitheoirí maidir leis an gcostas a bhíonn aturnaetha a ghearradh, bhreithníomar go raibh sé d'fhreagracht orainn i rith 2007 tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir lena gcearta. Is chun na críche sin a cheapamar Fochoiste Cumarsáide le déanaí chun cur le feasacht maidir leis an bpróiseas PIAB. Tá sé beartaithe freisin ár gcóras IT a uasghrádú chun go bhféadfar éilimh a chomhadú ar líne 24 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i gcásanna cuí, ó na héilitheoirí go díreach agus óna n-ionadaithe ar mian leo leas a bhaint as an teicneolaíocht is déanaí.

Ar deireadh, teastaíonn uaim buíochas ó chroí a ghlacadh lenár gComhaltaí Boird as an obair den scoth atáthar a dhéanamh. Cinntíonn a léargais, a gcáilíochtaí agus a dtaithí ar leith faoi seach go mbítear ag faire ar aon bhacainní a d'fhéadfadh daoine eile a chuir sa tslí ar an PIAB ar shlí oibiachtúil agus ghairmiúil.



**Dorothea Dowling**
*An Cathaoirleach*

## RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

De réir mar a neadaigh an córas nua maidir le héilimh dhíobhálacha pearsanta, ba bhliain bhríomhar agus thairbhiúil a bhí i 2006 arís dóibh sin a bhí rannpháirteach i mbainistiú an PIAB ó lá go lá.

De réir an dlí, chuaigh gach éileamh nua maidir le díobháil phearsanta isteach sa chóras PIAB. Tháinig ardú beagnach 500% ar an líon dámhachtainí a rinneamar thar leibhéil 2005 agus, sinn ag seoladh na tuarascála seo, d'eisíomar os cionn 10,000 dámhachtain.

Tá deimhniú neamhspleách faighte againn anois gur chomhlíonamar príomhtháscairí feidhmíochta. Léirigh an Anailís Costas-Tairbhe a d'ullmhaigh an Dr. Vincent Hogan, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath go críochnaitheach go seachadann PIAB dámhachtainí níos tapúla ná an córas dlíthíochta agus go laghdaítear costais sheachadta go hollmhór agus go gcoimeádtar an leibhéal céanna cúitimh ag an am céanna.

- Rinneadh measúnú ar gach cás PIAB laistigh d'fhrámaí ama reachtúla.
- Go dtí mí Dheireadh Fómhair 2006, ba é an toradh a bhí ar chostais sheachadta PIAB ná gur sábháileadh €24 milliún thar dhlíthíocht (An méid airgid a sábháileadh go dtí seo: €45 milliún).
- Tá sé de dhualgas ar an PIAB agus ar na Cúirteanna de réir dlí na leibhéil chúitimh a léiriú mar a shainmhínítear sa Leabhar Cainníochtaí, creat atá bunaithe ar dhámhachtainí Cúirte. Dheimhnigh an anailís costas-tairbhe neamhpleách go léiríonn dámhachtainí PIAB dámhachtainí na Cúirte agus go deimhin ba í an chonclúid a bhí ann ná "go raibh roinnt fianaise ann a thugann le fios go bhféadfadh dámhachtainí a bheith níos airde faoi PIAB".

Bunaithe ar airgead atá sábháilte cheana féin go dtí seo, agus sa chás go gcomhlíonfaidh PIAB an méid gníomhaíochta agus is féidir i 2007, measann an PIAB go mbeidh thart ar €40 milliún sábháilte in iomlán go bliantúil.

Mar sin féin, níl sa PIAB ach aon pháirtí amháin atá ag brú athrú chun cinn sa réimse maidir le héilimh dhíobhálacha pearsanta. Tá scóip ann préimheanna a laghdú tuilleadh fiú agus bainfimid é sin amach trí leanúint ar aghaidh ag obair le Gníomhaireachtaí Stáit eile chun sochair a bhaint amach do thomhaltóirí. Ní mór don Údarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go léir a bpáirt a ghlacadh. Stiúraigh an Roinn Iompair tríd an gcóras pointí pionóis agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí trí leasuithe faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.

Mar gheall go dtagann gach éileamh maidir le díobháil phearsanta chuig an PIAB, tá seasamh uathúil againn chun treochtaí a bhraith. Tá banc mór staitisticí ag an PIAB anois maidir le cúiseanna tionóiscí mar aon le tiománaithe costais san earnáil tionscail. Roinnfidh an PIAB an t-eolas sin le Gníomhaireachtaí Stáit agus le daoine eile a bhfuil baint acu le sábháilteacht an phobail. Tugann an banc eolais sin pictiúr soiléir don PIAB maidir le conas a éiríonn le daoine a mbealach a dhéanamh, mar shampla, óna n-áit oibre nó ón mbóthar ar tharla an tionóisc air, chuig lialann an dochtúra, chuig an ospidéal, tríd an tréimhse fheabhsúcháin, trí riaradh na n-éileamh agus tabhairt chun críche na n-éileamh. Tá sé d'fhreagracht orainn go léir a bhíonn ag freastal ar leas an phobail a chinntiú go mbeidh a laghad struis agus is féidir ar dhaoine a bhíonn díobháilte i rith an ama sin.


Is gníomhaireacht féin-mhaoinithe é an PIAB agus gearrtar na táillí ar bhonn cás ar chás. Tá an ghníomhaireacht ag leanúint ag aghaidh ag fás mar eagraíocht. Príomhthiománaí dó sin is é cumas den scoth ár bhfoirne. Tugadh isteach creat bunaithe ar inniúlacht sa bhliain 2006 chun forbairt foirne leanúnach a chothú agus leanfaidh sin ag spreagadh ár gcumas agus ár n-acmhainn.

Sa bhliain 2006, thosaíomar ag tógáil ár Straitéis IT Dara Céime. Déanfaidh córais atá ag éabhlóidiú idirghníomhú níos fearr a sheachadadh lenár gcustaiméirí agus éascófar tuilleadh línte cumarsáide dár gcustaiméirí agus do pháirtithe a bheidh sa tóir air agus a bheidh ag freagairt d'éilimh maidir le díobhálacha pearsanta.

Is cuid bhunaithe é PIAB anois den réimeas díobhálacha pearsanta in Éirinn. Is ábhar oibiachtúil do thaifead poiblí é go bhfuil nithe bainte amach aige chun leasa an phobail. Tá súil againn, in imeacht ama, go nglacfaidh an mionlach leasanna dílseacha a chur in aghaidh bunú an PIAB ar dtús leis an bhfíric sin. Is é leas an phobail an chloch is mó ar ár bpaidrín agus leanfaidh sin ár stiúradh amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le Micheál Martin, T.D. an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le hoifigigh ón Roinn sin, le Comhchoiste an Oireachtais ar Fhiontar agus ar Mhionghnó agus ar ndóigh lenár mBord tiomanta as a dtiomantas agus a dtacaíocht leanúnach.

Mar chonchlúid, agus mar is amhail i gcónaí, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh lenár bhfoireann féin, foireann ghairmiúil ar gach uile slí.



**Patricia Byron**
An Príomhfheidhmeannach

## GLUAIS TÉARMAÍ

Seo a leanas liosta téarmaí agus d'fhéadfadh an míniú atá ag gabháil leo a bheith úsáideadh agus tú ag léamh na tuarascála seo. Níl siad ceaptha a bheith ina sainmhínithe dlí iomlána.

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| Freagróir | Duine Aonair nó Cuideachta etc. a bhfuil éileamh á dhéanamh ina gcoinne. |
| Éilitheoir | An duine aonair atá ag déanamh an éilimh. |
| Dliteanas | Freagracht dhlí as do ghníomhartha. |
| Éilimh EL, ML & PL | Éilimh maidir le Dliteanas Fostóra, Dliteanas Mótair agus Dliteanas Poiblí. |
| Córas Dlíthíochta | An próiseas go dtí go mbeidh an cás sa Chúirt agus sin san áireamh. |
| An Chúirt Chuarda | Cúirt le dlínse suas go dtí €38,000. |
| An Ard-Chúirt | Cúirt le dlínse neamhtheoranta. |
| An Leabhar Cainníochtaí | Treoir maidir leis an raon figiúirí cúitimh do dhíobhálacha ar leith. |

# Roinn 1 –
# Réamhrá don PIAB

## ROINN 1 – RÉAMHRÁ DON PIAB

Bunaíodh an PIAB mar fhreagra ar mholadh an Rialtais go mbunófaí rogha eile mear, ar chostas íseal i gcomhair réiteach éilimh dhíobhála pearsanta nach mbeadh gá le breithiúnas a thabhairt ar shaincheisteanna dlí ann.

Bunaíodh an PIAB an 13 Aibreán 2004 le cabhair ó mhaoiniú ón Státchiste agus is gearr go mbeidh sé ag teacht chun deireadh a tríú bliain i mbun oibre, tréimhse inar baineadh amach stádas féin-mhaoinithe ar bhonn oibríochta i rith 2005.

Bunaíodh an PIAB mar chomhlacht reachtúil chun measúnú neamhspleách a sholáthar ar chúiteamh maidir le díobháil phearsanta d'íospartaigh i dtionóiscí san Ionad Oibre, i dtionóiscí Mótair agus i dtionóiscí Dliteanais Phoiblí. Is é a phríomhréimse freagrachta measúnú a dhéanamh ar an leibhéal cúitimh d'éilimh shonracha.

### 1.1 Líne Ama Stairiúil an PIAB

Léiríonn tábla 1.1 thíos forbairt stairiúil an PIAB ó ceapadh an coincheap ar dtús, trí fhorbairt an PIAB go dtí an lá atá inniu ann agus tá 5,500 dámhachtain cúitimh déanta ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta i 2006 atá i bhfeidhm go hiomlán.

Tábla 1.1 Líne Ama Stairiúil an PIAB

| | |
|---|---|
| 1996 | Tuarascáil Deloitte: Costais árachais in Éirinn 'an-ard' i gcomparáid lenár gcomhghleacaithe san Eoraip; éilíonn Comhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) rogha eile ar chóras na gCúirteanna. |
| 2001 | Mhol Grúpa Oibre Speisialta ar Bhinse Díobhálacha Pearsanta go mbunófaí PIAB |
| 2001/2002 | Tuarascáil an Ghrúpa Feidhmiúcháin maidir le conas PIAB a bhunú. |
| Aibreán 2002 | Tuarascáil an Bhoird Comhairleach um Árachas Gluaisteáin (2002): áirítear ar na príomh-mholtaí bearta chun costas dlíthíochta a laghdú. |
| Deireadh Fómhair 2002 | Plean Gnímh an Rialtais ag éileamh go mbunófaí Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta láithreach ar bhonn eatramhach. |
| 2003 | Bunaíodh an PIAB ar bhonn eatramhach. Príomh-reachtaíocht, an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 achtaithe. |
| Aibreán 2004 | PIAB bunaithe ar bhonn eatramhach. |
| Meitheamh 2004 | Tosaíonn an PIAB i mbun seirbhíse. |
| Márta 2005 | Na chéad dámhachtainí PIAB. |
| Deireadh-2005 | PIAB – 951 dámhachtain. |
| Deireadh-2006 | PIAB – 5,573 dámhachtain. |
| Nollaig 2006 | Anailís Costas-Tairbhe Neamhspleách, an Dr. Vincent Hogan, UCD.<br>Na Príomhthorthaí – costas laghdaithe go mór chun éilimh maidir le díobháil phearsanta a phróiseáil<br>– gan aon laghdú i gceist ar mhéid na ndámhachtainí chuig páirtithe díobháilte<br>– cásanna PIAB measúnaithe laistigh d'fhrámaí ama reachtúla<br>(Ar fáil ag www.piab.ie/pdf/CostBenefitAnalysis.pdf) |
| 11 Bealtaine 2007 | PIAB – 10,000ú dámhachtain (ó bunaíodh é). |

# Ráiteas Misin

*"An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail."*

## 1.2 An Struchtúr Maoinithe

Cé nach gá go mbeadh PIAB féin-mhaoinithe faoi fhoráil reachtúil, is é an aidhm atá aige a bheith go hiomlán féin-mhaoinithe ar bhonn oibríochta faoi 2006. Baineadh amach é sin ag deireadh 2005, agus b'ionann sin agus gnóthachtáil ollmhór i dtréimhse níos lú ná dhá bhliain i mbun oibríochta.

Lean PIAB i 2006 ag comhlíonadh a chostas oibríochta go hiomlán trí na táillí a gearradh ar Éilitheoirí agus ar Fhreagróirí[1].

Tá sé i gceist ag PIAB an struchtúr féin-mhaoinithe sin a choimeád. Trí sin a dhéanamh, leanann PIAB ag faire roinnt fachtóirí seachtracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a stádas maoinithe.

- An líon tionóiscí as a leanfaidh éilimh maidir le díobháil phearsanta i bPoblacht na hÉireann;
- An líon éileamh a bheidh réitithe go díreach idir páirtithe, an líon éileamh a mbeidh gá le dámhachtain PIAB (gan aon díospóid), an líon éileamh a mbeidh gá le breithniú Cúirte (cásanna díospóide);
- Leibhéil na dtáillí; agus
- Costais reatha.

1 *Áirítear ar na táillí, buntháille de €900 (ardú €50 ó €850 tar éis an 1 Meitheamh 2006) íoctha ag an bhFreagróir, agus táille iarratais €50 íoctha ag an Éilitheoir.*

## 1.3 Príomhchuspóirí agus Tionscnaimh Straitéiseacha

Chun cuidiú lena misean a sheachadadh, d'fhorbair PIAB sé phríomhchuspóirí straitéiseacha, agus leanfaidh an eagraíocht leo sin sa tréimhse cúig bliana atá amach romhainn. Tá na cuspóirí straitéiseacha curtha i láthair i dTábla 1.3 thíos.

Tábla 1.3 Príomhchuspóirí Straitéiseacha PIAB

| | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an PIAB. |
| Cuspóir 2 | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an PIAB a ísliú. |
| Cuspóir 3 | Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach ann. |
| Cuspóir 4 | Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil. |
| Cuspóir 5 | Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an PIAB agus ar na buntáistí atá leis. |
| Cuspóir 6 | Cur go dearfach leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

I rith 2006, d'oibrigh PIAB i dtreo na sé chuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach trí roinnt tionscnamh straitéiseacha agus gníomhartha a fheidhmiú sna réimsí seo a leanas:

- Éifeachtacht leanúnach agus Éifeachtúlachtaí Eagraíochtúla;
- Stádas Féin-Mhaoinithe na hEagraíochta a choimeád;
- Feabhas ar an bPróiseas;
- Aiseolas díreach ó Gheallsealbhóirí;
- Feachtais Eolais agus Feasachta lena n-áirítear Imeachtaí agus Seoltaí;
- Taighde maidir le Feasacht agus Sástacht na gCustaiméirí;
- Cláir Oiliúna agus Forbartha Foirne;
- Straitéis IT a fhorbairt; agus
- Dearbhú Cáilíochta leanúnach.

Leanfar leis na tionscnaimh sin sa tréimhse cúig bhliana atá amach romhainn.

## 1.4 Próiseas an PIAB

Tugann tábla 1.4 thíos achoimre ar na céimeanna atá i gceist le próiseas éileamh an PIAB.

Tábla 1.4 Próiseas an PIAB

| Céim | Tuairisc |
|---|---|
| Céim 1 – Fógra | Fógra don éilitheoir maidir leis an éileamh ar an teileafón, tríd an bpost nó trí ríomhphost.<br>**Gníomhairí PIAB ar fáil chun cuidiú leis an iarratas.** |
| Céim 2 – An tÉileamh a Chlárú | An tIarratas a chur faoi bhráid i gcomhar leis an bhFoirm Measúnaithe Míochaine ó dhochtúir na cóireála. |
| Céim 3 – Fógra do Pháirtí an Fhreagróra | An Freagróir curtha ar an eolas. |
| Céim 4 – Freagra ó Pháirtí an Fhreagróra | Aontaíonn an Freagróir le próiseas an PIAB*. |
| Céim 5 – Measúnú | Measúnú ar na damáistí díobhála pearsanta tugtha chun críche. |
| Céim 6 – Glacadh | Measúnú glactha ag an Éilitheoir agus ag an bhFreagróir agus 'Ordú Íocaíochta' eisithe, a choimeádann na cearta forfheidhmithe céanna le foraithne Cúirte. |

* *Mura gcomhthoileann an Freagróir an próiseas nó má dhiúltaíonn ceachtar páirtí an measúnú, eiseoidh an PIAB 'Údarú' don Éilitheoir á údaraíonn dó nó di leanúint lena n-éileamh trí na cúirteanna, más mian leis nó léi sin a dhéanamh.*

**Ionad Seirbhísí ar oscailt: Luan go Satharn, 8am go dtí 8pm**

*LóGhlao 1890 829 121*

*Bosca Poist 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí*

*www.piab.ie*

# Roinn 2 – Torthaí 2006

*Seachadann PIAB:*

- *Dámhachtainí trí huaire chomh tapa*
- *An leibhéal céanna cúitimh le córas na gCúirteanna d'Éilitheoirí*
- *Costas seachadta atá ceithre huaire níos saoire ná tríd an bpróiseas dlíthíochta*

# ROINN 2 – TORTHAÍ 2006

## 2.1 Aidhmeanna an PIAB

Is ionann na haidhmeanna a leanas agus cuspóirí straitéiseacha an PIAB:

- Luach an chúitimh a mheas;
- Costas seachadta an chúitimh a laghdú;
- Éilimh a mheas laistigh den fhráma ama reachtúil.

Soláthraíonn an roinn seo eolas maidir le torthaí PIAB don bhliain 2006 agus áirítear ann eolas ar líon agus luach dámhachtainí, ar shábháilt na gcostas, ar thráthlínte measúnaithe mar aon le hanailís bhreise ar na dámhachtainí a rinneadh.

## 2.2 Dámhachtainí agus Anailís an PIAB

### Sonraí na nDámhachtainí

Is ionann dámhachtain agus luach an chúitimh a rinneadh le duine aonair i ndáil le héileamh maidir le díobháil phearsanta. Is é ról an PIAB an leibhéal cúitimh chuí i ndáil le déine na díobhála a mheas mar aon le haon chaillteanas airgeadais iarbhír/tuartha a bhíonn mar thoradh ar an díobháil.

**I 2006, rinne PIAB 5,573 dámhachtain ar luach €115.28 milliún.**

Tá mionsonraí i dTábla 2.1 thíos den líon dámhachtainí a rinne PIAB i 2005 agus i 2006 mar aon le figiúirí réamh-mheasta do 2007.

**Tábla 2.1 Dámhachtainí a rinneadh i 2005 agus i 2006 agus Figiúr Measta do 2007**

| Dámhachtainí a Rinneadh | | |
|---|---|---|
| **2005** | **2006** | **Meastachán do 2007** |
| 951 | 5,573 | 8,500-9,000 |

Léiríonn na réamh-mheastacháin is déanaí go mbeidh an líon iomlán dámhachtainí a dhéanfar i 2007 idir 8,500 agus 9,000.


**An 11 Bealtaine 2007, rinne an PIAB an 10,000ú dámhachtain.**

### Dámhachtainí ar Glacadh Leo

As na dámhachtainí iomlána de 5,573 a rinneadh i 2006, glacadh le 3,403 dámhachtain, agus bhí luach €66.7 milliún ag na dámhachtainí ar glacadh in iomlán. Níor glacadh nó socraíodh an chuid eile. Léiríonn treochtaí atá ag teacht chun cinn go bhfuil go leor de na cásanna a dhiúltaítear á socrú ag an tsuim chéanna ach go mbíonn costais dlí le n-íoc ina gcás sin freisin.

Léiríonn Fíor 2.1 ar an gcéad leathanach eile, na dámhachtainí is ísle agus na dámhachtainí is airde ar glacadh leo i 2006 agus léirítear figiúr inchomparáide freisin do 2005.


**Fíor 2.1 Na Dámhachtainí is Ísle/is Airde ar glacadh leo**




I 2006, ba é €408,415 an dámhachtain is airde ar glacadh leis agus ba é €1,000 an dámhachtain is ísle ar glacadh leis.

Léiríonn Fíor 2.2 luach na ndámhachtainí a rinneadh i 2006 agus léiríodh figiúirí ó 2005 le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh.

**Fíor 2.2 Dámhachtainí PIAB ar glacadh leo de réir Luach 2005/2006**




Tá pictiúr 2006 i ndáil le luach na ndámhachtainí cosúil a bheag nó a mhór le pictiúr 2005.

Tá formhór na ndámhachtainí PIAB sna catagóirí luach thíos faoi €38,000 agus léiríonn sin an seasamh stairiúil mar is léir i sonraí ó Sheirbhís na gCúirteanna. Sna Cúirteanna, bhí 89%[2] de dhámhachtainí faoi €38,000 agus bhí 93% de dhámhachtainí PIAB sa chatagóir céanna.

Tá céatadán níos airde de dhámhachtainí na Cúirte (11% Cúirteanna : 7% PIAB) sa chatagóir le luach níos airde agus léiríonn sin an luach níos airde de dhámhachtainí fáillí míochaine a phróiseáiltear tríd an gcóras Cúirteanna agus sin amháin.

2 *Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna 2005.*

## 2.3 Sábháilt Costais ar Dhámhachtainí ar Glacadh Leo

*"Tá sé tábhachtach béim a chur ar an bpointe gur tharla an tsábháil sin gan aon laghdú a bheith i gceist ar shuim na ndámhachtainí a rinneadh chuig na páirtithe díobhálacha. Go deimhin, tá roinnt fianaise ann a thugann le fios go bhféadfadh dámhachtainí a bheith níos airde faoi PIAB fiú."*

(Foinse: An Dr. Vincent Hogan, UCD, Anailís Costas-Tairbhe, Nollaig 2006)

Mar a léirítear i dTábla 2.2 thíos, ghlac custaiméirí PIAB le 3,403 dámhachtainí, agus ba é €66.7 milliún luach na ndámhachtainí sin.

**Tábla 2.2. An Líon agus an Luach Iomlán de Dhámhachtainí PIAB ar Glacadh leo**

| | 2006 |
|---|---|
| An Líon Dámhachtainí ar Glacadh Leo | 3,403 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | €66,732,505 |

Léiríonn Tábla 2.3 na costais sheachadta iarbhíre PIAB i 2006 agus cuirtear sin i gcomparáid leis an gcostas measta seachadta de dhámhachtain leis an luach céanna faoin gcóras dlíthíochta.

**Tábla 2.3 Sábháiltí Measta Costais**

| | 2006 |
|---|---|
| Na Costais Sheachadta PIAB Iomlána* | €4,566,125 (6.8%) |
| Costais Dlíthíochta Measta ar an seanchóras** | €30,696,952 (46%) |
| Sábháiltí Iarbhíre (PIAB vs An Córas Dlíthíochta) | **€26,130,827** |

* *Bunaithe ar an meánchostas de thart ar €1,350 in aghaidh an éilimh.*

** *Dar leis an mBord Comhairleach um Árachas Gluaisteáin (MIAB), bhí an costas maidir le dámhachtainí a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta 46% sa bhreis ar shuim an chúitimh.*

Dar leis an MIAB, b'ionann an costas maidir le dámhachtainí a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta agus 46% de luach na dámhachtana. Ag baint úsáide as an ríomh forchostais sin, bheadh costas c. €30.7 milliún sa bhreis i gceist ar an gcúiteamh c. €67 milliún chun seachadadh faoin gcóras dlíthíochta.

Bunaithe ar líon na ndámhachtainí ar glacadh leo i 2006, ba é costas seachadta an chúitimh de réir PIAB ná €4.6 milliún agus is ionann sin agus níos lú ná 7% de luach na dámhachtana.

Faigheann na figiúirí sin tacaíocht ó thorthaí Anailís Costas-Tairbhe neamhspleách (An Dr. Vincent Hogan, UCD) a rinneadh ag deireadh 2006, a thuairisc sábháiltí costais de bheagnach €24 milliún suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2006 (Féach Roinn 5).

Téann aon laghdú ar chostas an chúitimh a sheachadadh chun tairbhe do thomhaltóirí trí phréimheanna nó íocaíochtaí d'earraí agus do sheirbhísí níos lú. Is féidir mionsonraí de laghduithe maidir le préimheanna árachais a fháil ón Lár-Oifig Staidrimh nó ón Rialtóir Airgeadais.

## 2.4 Na Meán-Dámhachtainí a nGlactar Leo de réir Catagóirí

Léiríonn Tábla 2.4 thíos meánluach na ndámhachtainí ar glacadh leo a rinneadh laistigh de na catagóirí éileamh éagsúla sa bhliain 2006.

**Tábla 2.4 Meánluach na nDámhachtainí ar Glacadh Leo de réir Catagóirí**

| Catagóir an Éilimh | 2006 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €18,982 |
| Dliteanas Fostóra | €23,141 |
| Dliteanas Poiblí | €19,308 |
| An Meán | €19,610 |

Ba é €19,610 an meándámhachtain foriomlán ar glacadh léi sa bhliain 2006. Bhí dámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ar na cinn ab airde ag €23,141 agus léiríonn sin nádúr níos casta na ndíobhálacha a bhí ar dhaoine i dtionóiscí den sórt sin.

## 2.5 Socruithe Réamh-Dhámhachtainí agus Tionchar ar na Cúirteanna

Ina theannta sin, tá cásanna ann nach dtéann chun cinn go dtí measúnú iomlán agus nach mbíonn dlíthíocht i gceist leo mar go socraítear iad go díreach tar éis d'Ionad Seirbhíse an PIAB na páipéir éileamh a chóipeáil don dá pháirtí (An tÉilitheoir agus an Freagróir). Ag an tráth sin, bítear ag fanacht le sonraí maidir leis na socruithe sin ó Chónaidhm Árachais na hÉireann a dhéanann ionadaíocht ar an líon is mó Freagróirí. Is léir áfach, gurb é an toradh a bhíonn le réiteach na n-éileamh sin ná go mbíonn amanna socruithe níos tapúla ann agus go mbíonn costais sheachadta níos lú fós i gceist fiú ná na héilimh a phróiseáiltear trí phróiseas measúnaithe an PIAB.

Is léir ón líon cásanna a théann chuig dlíthíocht, líon atá tite go mór le trí bliana anuas, tionchar na socruithe díreacha luath sin agus na measúnaithe cúitimh a dhéanann an PIAB.


## 2.6 Tráthlíne Measúnaithe

*"Sheachad an PIAB, ar an meán, a gcuid measúnaithe 75% níos tapúla ná na cúirteanna dlí."*

(Foinse: An Dr. Vincent Hogan, UCD, Anailís Costas-Tairbhe, Nollaig 2006)

Tá sé de dhualgas ar an PIAB, faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de naoi mí den Fhreagróir toiliú don phróiseas PIAB. Léiríonn fíor 2.3 an meán-tráthlíne i ndáil le seachadadh cúitimh. Mar a léirítear sa chairt thíos, bíonn an tráthlíne sin i bhfad níos lú agus ar an meán bíonn sé seacht mí ar fhad.

Fíor 2.3 Tráthlíne Cúitimh




- 7.4 mí an meántráthfhráma ón dáta a dtoileann an Freagróir don PIAB an t-éileamh a mheas go dtí dáta na dámhachtana.
- 10.2 mí an meántráthfhráma chun iarratas a thabhairt chun críche go dáta na dámhachtana.
- Sula tugadh isteach córas an PIAB, ghlas sé 36 mí ar an meán cásanna a shocrú tríd an gcóras dlíthíochta.

# Roinn 3 –
# An Eagraíocht

# ROINN 3 – AN EAGRAÍOCHT

## 3.1 Bord agus Coistí

### Bord

Is é/í an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a cheapann Bord Stiúrthóirí an PIAB agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus 10 gnáthchomhalta, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach.

Tá an Bord freagrach as straitéis ginearálta agus polasaithe na heagraíochta a leagan amach. Tá freagracht mhaoirseachta aige as gníomhaíochtaí na heagraíochta agus tá sé freagrach as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tarmligeann an Bord feidhmeanna feidhmiúcháin chuig an bPríomhfheidhmeannach. Is í an fhoireann fheidhmiúcháin a láimhseálann éilimh aonair, ní an Bord Rialachais.

**Liosta Iomlán de na Comhaltaí Boird**


| Ainm | Post |
|---|---|
| Dorothea Dowling | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin |
| An Seanadóir Joe O'Toole | Leas-Chathaoirleach arna ainmniú ag Comhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) |
| Patricia Byron | Príomhfheidhmeannach |
| John Fay | Arna ainmniú ag Comhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) |
| Tom Noonan | Arna ainmniú ag Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Pat Healy | Arna ainmniú ag Cónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) |
| Ann Fitzgerald | An Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí* |
| Mary O'Dea | An Stiúrthóir Tomhaltóirí, An Rialtóir Airgeadais |
| Frances Cooke | An tAturnae Ioncaim |
| Frank Cunneen | Iarchathaoirleach ar an Údarás Sláinte & Sábháilteachta |
| An tOllamh Denis Cusack | Roinn na Míochaine Fóiréinsí, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird |

* *Chuaigh Ann Fitzgerald i gcomharbacht ar John Shine agus chuaigh sí isteach sa Bhord i Meán Fómhair 2006.*

## Coistí

Tugann roinnt coistí cúnamh don Bhord agus déanann siad feidhmeanna áirithe thar a cheann. Oibríonn na coistí sin sna réimsí a léirítear i bhFíor 3.1 thíos.


Fíor 3.1 Coistí Boird an PIAB



## 3.2 An Struchtúr Eagrúcháin

Léiríonn Fíor 3.2 thíos struchtúr eagrúcháin an PIAB go sonrach.

Fíor 3.2 Struchtúr an PIAB




## An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Mar Phríomhfheidhmeannach, is comhalta den Bhord í Patricia Byron. Tá sí i gceannas freisin ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ina bhfuil:

- Helen Moran, Stiúrthóir Seirbhísí Taca Gnó
- Maurice Priestley, Stiúrthóir Feidhmiúchán
- Stephen Watkins, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as feidhmiúcháin an PIAB a bhainistiú ó lá go lá, le tacaíocht ó Stiúrthóirí, ó Bhainisteoirí, ó Mheasúnóirí agus ón bhFoireann Taca. Ag deireadh 2006 bhí foireann de 74 fostaithe ag PIAB ina oifig i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Ina theannta sin, tá Ionad Seirbhísí eisfhoinsithe ag PIAB atá lonnaithe i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí. Is iad príomhfheidhmeanna an ionaid déileáil le hullmhú éileamh agus Líne Eolais an PIAB a oibriú.

## 3.3 Dearcadh Eagrúcháin

Is é seo a leanas príomhchuspóir straitéiseach na heagraíochta:

*'Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach ann.'*

D'fhonn é sin a bhaint amach díríonn an PIAB ar roinnt réimsí eagrúcháin lena n-áirítear:

- Nuachóiriú agus Somhúnlacht;
- Caidreamh Tionsclaíoch Cobhsaí;
- Obair i bhFoirne agus Obair Tras-Fheidhme.

I 2006 thacaigh an PIAB leis an gcuspóir straitéiseach maidir leis an bhfoireann a spreagadh agus uas-scileanna a thabhairt do chomhaltaí foirne trí chláir éagsúla oiliúna foirne agus forbartha pearsanta. Cuidíonn creat an PIAB atá inniúlacht-bhunaithe le measúnú agus forbairt leanúnach na foirne. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar chórais agus ar phróisis feidhmiúcháin i 2006, agus mar thoradh air sin feabhsaíodh éifeachtúlachtaí, cuireadh barrfheabhas ar chostais agus cuireadh le seachadadh seirbhísí do chustaiméirí.

## 3.4 Rialachas Corparáide

Is comhlacht reachtúil é an PIAB, a bhunaigh an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

Feidhmíonn an PIAB de réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá cumhachtaithe maoiniú a thabhairt don ghníomhaireacht lena chur ar a cumas a hoibleagáidí a chomhlíonadh agus faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta a lorg.

Chomh maith lena reachtaíocht rialachais féin, tá ceanglas ar an PIAB réimse riachtanas reachtúil agus riarachán eile (idir Náisiúnta agus AE) a chomhlíonadh. Go sonrach, tá nósanna imeachta curtha ar bun aige d'fhonn comhlíonadh na riachtanas sonrach seo a leanas a chinntiú:

### Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena chinntiú go gcomhlíonfidh sé an Cód Cleachtais seo.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an PIAB chun cloígh le forálacha an Achta agus tá ráiteas sábháilteachta a chuimsíonn gach gné de leas foirne glactha aige.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí é an PIAB. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine aonair a phríobháideacht a chosaint agus leis an tslí a úsáidtear faisnéis phearsanta a rialú. Is féidir iarratais maidir le faisnéis phearsanta a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí chuig an PIAB.

### Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Mar eagraíocht nuabhunaithe níl an PIAB faoi shainchúram na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise fós. Samhlaítear go dtabharfar an PIAB faoin sainchúram sin go luath.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an PIAB faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall maidir le hIdirbheartaíochtaí Tráchtála) 2002. Is é polasaí an PIAB a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus go n-íoctar iad go pras roimh an dáta dlite chun críocha úis agus muirear. Tá nósanna imeachta ar bun chun dearbhuithe réasúnacha in aghaidh neamh-chomhlíonadh an Achta agus na Rialachán a chur ar fáil.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tugadh an PIAB faoi théarmaí tagartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 le héifeacht ó 1 Eanáir 2006 (I.R. Uimh. 672 de 2005) agus tá nósannna imeachta chun an tAcht a chomhlíonadh glactha aige.

De réir an Achta thuas tá ráitis leasa comhlíonta ag gach Comhalta Boird agus gach Comhalta foirne de chuid an PIAB a bhfuil post ainmnithe acu, chun forálacha an Achta a chomhlíonadh.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an PIAB tiomanta do pholasaí comhdheiseanna agus bíonn cur chuige dearfach aige ar chomhionannas san eagraíocht. Tá an PIAB tiomanta timpeallacht oibre/saoil cothromaithe a fhorbairt don fhoireann go léir. Oibrítear socruithe tinrimh maidir le huaire oibre solúbtha faoi láthair agus táthar ag scrúdú socruithe oibre neamhghnácha eile i gcomhar leis an bhfoireann.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an PIAB faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilseofar an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

# Roinn 4 – Cumarsáid agus Sástacht na gCustaiméirí

# ROINN 4 – CUMARSÁID AGUS SÁSTACHT NA GCUSTAIMÉIRÍ

## 4.1 Cumarsáid

Is é seo a leanas ceann de phríomhchuspóirí straitéiseacha na heagraíochta:

*"Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an PIAB agus ar na buntáistí atá leis."*

Is eagraíocht óg é an PIAB agus tuigeann an bhainistíocht go gcaithfear go leor oibre a dhéanamh maidir le cur le feasacht an phobail i gcoitinne faoin eagraíocht agus faoina cuid seirbhísí.

Chun na críocha sin bunaíodh Fochoiste Cumarsáide de chuid an Bhoird i 2007 agus tá sé ag déanamh forbairt ghníomhach ar straitéis chumarsáide a thabharfaidh aghaidh ar na bearnaí feasachta atá ann i mbéal an phobail.

I 2006 chuaigh an PIAB i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí, agus thug sé roinnt cur i láthair agus miontuairiscí dóibh. Tugtar roinnt samplaí dóibh sin thíos:

### An Pobal Míochaine

- Comhdháil Altraí SIPTU
- Comhdháil de chuid an European Union of Medicine in Assurance and Social Security (EUMASS)
- Grúpaí Dochtúirí Teaghlaigh

### An Pobal Dlíthiúil

- Oiliúint Dlíthiúil Lárnach
- Toscaireachtaí Dlí-Chumann na hÉireann

### An Tionscal Árachais

- Comhdháil Bhliantúil Insurance Times
- Tionscal Árachais na Ríochta Aontaithe
- Institiúid Árachais Shligigh
- Institiúid Árachais Bhaile Átha Cliath

### An Pobal i gCoitinne

- Mic Léinn ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

### Eile

- Seimineár de chuid Chór Tráchta an Gharda Síochána
- Comhdháil Bhliantúil de chuid Health and Safety Review
- Seimineár de chuid Institiúid na nAchtúirí
- Tascfhórsa na bhFéin-Árachaithe
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

Leanfaidh PIAB ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na tionscnaimh sin agus do chinn eile amach anseo agus leanfaidh sé ar aghaidh ag dul i dteagmháil lena phríomh-gheallsealbhóirí.

## 4.2 Sástacht na gCustaiméirí

Is ceann de na príomhchuspóirí straitéiseacha don PIAB:

*"Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil."*

Oibríonn an PIAB Ionad Seirbhísí atá ar fáil ó 8am go dtí 8pm ó Luan go Satharn, rud a fhágann go bhfuil sé thar a bheith éasca dá chustaiméirí go léir teagmháil a dhéanamh leo. Tá suirbhéanna sástachta custaiméirí déanta ag an PIAB ón tús lena chinntiú go bhfaigheann gach glaoiteoir ar an Ionad Seirbhísí seirbhís den scoth agus léiríonn na torthaí go dtí seo go mbíonn os cionn 90% de na glaoiteoirí go léir sásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil.

Tá próiseas nua-aimseartha atá éasca don chustaiméir a úsáid agus a thacóidh le feidhmiú éifeachtach na heagraíochta curtha i bhfeidhm ag an PIAB agus déanann sé sár-iarracht an próiseas sin a chothabháil. Úsáidtear teicneolaíocht cheannródaíoch ina Ionaid Mheasúnaithe i dTamhlacht, chomh maith le trína Ionad Seirbhísí eisfhoinsithe i gCorcaigh.

Tá an teicneolaíocht thar a bheith tábhachtach maidir le seirbhísí a sheachadadh don PIAB agus cinntítear go mbeidh an próiseas idir éifeachtúlach agus éifeachtach do gach úsáideoir. Chomh maith leis sin, tá láithreán gréasáin cruthaithe ag an PIAB – **www.piab.ie** agus tá breis agus dhá mhilliún cuairt tugtha air go dtí seo. Cuireann na córais sin faisnéis bainistíochta bheartach agus straitéisach luachmhar ar fáil a chabhraíonn leis an PIAB a chuspóirí a bhaint amach.

Tá sé beartaithe trí thionscnamh seachadta seirbhísí a fhorbairt/a chur i bhfeidhm i 2007 a bheidh mar aidhm acu go mbeidh sé níos éasca gnó a dhéanamh leis an PIAB. Áirítear orthu sin córas ar líne 24/7 a fhorbairt a thabharfaidh deis do chustaiméirí a n-iarratas a chomhlánú agus a rianú go leictreonach; córas maidir le "Cumarsáid Leictreonach" a éascóidh comhfhreagras lenár gcustaiméirí a sheachadóidh éifeachtúlachtaí móra don PIAB, agus úsáid Ríomhaistriú Airgid (EFT) ag teacht le moltaí sárchleachtais ríomhsheirbhísí an Rialtais.

Leanfaidh an PIAB á choinneáil féin chun cinn maidir le teicneolaíochtaí a thiocfaidh chun cinn, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a phróisis, chun cabhrú le straitéisí iomchuí don ghnó a fhorbairt d'fhonn seirbhís níos fearr a sheachadadh chuig gach custaiméir de chuid an PIAB. Cinnteoidh sin go soláthróidh aon athrú a thabharfar isteach fíor-bhuntáistí don chustaiméir agus don ghnó agus cinnteoidh sé go mbainfear amach an príomhchuspóir straitéiseach de sheirbhís den scoth do chustaiméirí a fhorbairt trí phróiseas measúnaithe éileamh follasach agus áisiúil a chruthú.

# Roinn 5 –
# Anailís Costas-Tairbhe

## ROINN 5 – ANAILÍS COSTAS-TAIRBHE

Ba é ceann de na tionscnaimh ba shuntasaí a tugadh faoi i 2006 ná Anailís Costas-Tairbhe neamhspleách a rinne an Dr. Vincent Hogan, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Tugann an roinn seo a leanas achoimre ar phríomhthorthaí na hanailíse sin.

### Anailís Costas-Tairbhe

*"Déanann an PIAB an costas maidir le héilimh a phróiseáil a laghdú go mór."*

Faoi théarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, áirítear ar fheidhmeanna an bhoird rialachais ag Roinn 54(1) (c):

*"to cause a Cost-Benefit Analysis to be made of the legal procedures and the associated processes (including those provided for by this Act) that are currently employed in the State for the purpose of awarding compensation for personal injuries."*

Chun na críche sin, rinneadh Anailís Costas-Tairbhe neamhspleách ag deireadh 2006, chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr costais an PIAB, agus chun é a chur i gcomparáid le costas an chórais dlithíochta traidisiúnta. Ríomhadh an méid a sábháladh ar chostais maidir le gach cás a láimhseáil an PIAB freisin.

### Achoimre ar Phríomhthorthaí na hAnailíse Costas-Tairbhe

Ba iad na príomhthorthaí ón Anailís Costas-Tairbhe:

- *Tá laghdú mór déanta ag an PIAB ar na costais maidir le cásanna díobhálacha pearsanta a phróiseáil*
- Sábháladh airgead gan aon laghdú ar mhéid na ndámhachtainí ar na páirtithe díobhálaithe
- Tá a chuid measúnuithe seachadta ag an PIAB, ar an meán, 75% níos tapúla ná na cúirteanna dlí

Leagtar amach mionsonraí na bpríomhthorthaí thuasluaite sna pointí thíos.

- Tugann meastacháin choimeádacha le fios go bhfuil an costas maidir le cásanna díobhálacha pearsanta a phróiseáil laghdaithe €24 milliún ag an PIAB ar 3,137 cás idir Márta 2005 agus Deireadh Fómhair 2006.
- Maidir le gnáthchás, b'ionann an méid a sábháladh agus €6,373, rud a léiríonn laghdú 88% thar chostais sa Chúirt Chuarda.
- Maidir le costais Ard-Chúirte, is ionann an tsuim a sábháladh i gcás ghnáthchás agus €27,703.
- Ní hiad na méideanna costais a sábháladh ba chúis le laghdú ar mhéid na ndámhachtainí ar pháirtithe díobhálacha. Go deimhin, léiríonn an fhianaise go bhféadfadh na dámhachtainí a bheith níos airde fiú, i gcás díobhálacha níos tromchúisí.
- Ba léir freisin go seachadaíonn an PIAB a mheasúnuithe 75% níos tapúla i gcomparáid leis na cúirteanna; deirtear go mbíonn 36 mí i gceist chun éileamh a phróiseáil sna cúirteanna (Tuarascáil McAuley 1999).
- Léiríonn an innéacs míosúil ar chostas a tháirg an Phríomh-Oifig Staidrimh gur thit costas árachais mhótair do thomhaltóirí 20% ón tráth a cuireadh tús leis an PIAB go dtí mí Dheireadh Fómhair 2006.

# Aguisín 1

# AGUISÍN 1 – SLIOCHT AS RÁITIS AIRGEADAIS AGUS RÁITEAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

## Airgeadas agus Cuntais

Maoinítear oibríochtaí an PIAB i 2006 trí tháillí a ghearradh ar Éilitheoirí agus ar Fhreagróirí (iad sin a íocann an cúiteamh) agus trí eagraíocht sholúbtha a reáchtáil ina mbíonn nasc díreach idir ioncam agus caiteachas araon le méideanna oibre.

Tháinig fás leanúnach ar ioncam ó tháillí i 2006, rud a léirigh méadú ar ghníomhaíochtaí éileamh bunúsacha sa bhliain. B'ionann ioncam ó tháillí agus €10.8 milliún i 2006. Is ionann caiteachas don dhá mhí dhéag go dtí 31 Nollaig 2006 agus €11.3 milliún. Baineann €3.7 milliún den mhéid sin le tuarastail agus costais ghaolmhara agus le míreanna neamh-íocaíochta de €7.6 milliún.

## Sliocht as na Ráitis Airgeadais

**Cuntas Ioncam agus Caiteachais don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2006**

| | 12 mí go dtí 31.12.2006 €'000s | 12 mí go dtí 31.12.2005 €'000s |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas Stáit | 363 | 2,500 |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntais Chaipitil | 304 | 334 |
| Ioncam ó Tháillí | 10,828 | 5,229 |
| Ús Infhaighte | 55 | 14 |
| | **11,550** | **8,007** |
| **Caiteachas** | | |
| Tuarastail, Pinsin agus costais ghaolmhara | 3,747 | 2,759 |
| Costais Phróiseála Éileamh | 3,349 | 1,216 |
| Costais Chóiríochta agus Bhunaithe | 318 | 353 |
| Táillí agus Speansais na gComhaltaí Boird | 110 | 83 |
| Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas | 173 | 46 |
| Faisnéis, Taighde agus Cumarsáid | 225 | 195 |
| Costais Dlí agus Táillí Gairmiúla Eile | 1,608 | 1,086 |
| Costais IT | 641 | 855 |
| Costais Teileachumarsáide | 131 | 113 |
| Riarachán Ginearálta | 597 | 380 |
| Dímheas | 359 | 292 |
| | **11,258** | **7,378** |
| **Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas** | 292 | 699 |
| Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta | – | (250) |
| | **292** | **449** |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir** | **587** | **138** |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | **879** | **587** |

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais ag an mBord seachas iad sin ar déileáladh leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

### Freagracht as an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) aithním ár bhfreagracht maidir lena chinntiú go mbeidh córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á oibriú.

Ní fhéadfaidh córas rialaithe airgeadais inmheánaigh den sórt sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú daingean a thabhairt in aghaidh earráide ábhartha. Tugann an córas dearbhú réasúnach go gcosnófar sócmhainní, go n-údarófar idirbheartaíochtaí agus go ndéanfar iad a thaifeadadh go cuí, agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

### Príomh Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí ar bun trí na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun tuairisc a thabhairt ar mhainneachtainí rialaithe suntasacha agus chun a chinntiú go rachfar i mbun gníomhaíochta ceartaithí;
- Coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh ó thaobh an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Leanann an PIAB le próisis bhainistíochta a fhorbairt agus a fheabhsú d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- nádúr, méid agus impleacht fhéideartha rioscaí don Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- measúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí;
- measúnú ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú ar na costais maidir le rialuithe áirithe a oibriú i gcoibhneas leis an leas a bhaintear astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais leithscaradh agus córas cleachtas leithscartha agus cuntasacht. Áirítear ann go sonrach:


- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú ina leith trína Choiste Airgeadais;
- ráitis mhíosúla faoi shreabhadh airgid le hanailís ar mhórchatagóirí ioncaim agus caiteachais, a ndéanann Coiste Airgeadais an Bhoird athbhreithniú orthu;
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá córas bogearraí ríomhaire curtha ar bun ag an mBord ina bhfuil pacáiste cuntasaíochta chun na rialuithe airgeadais inmheánacha a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus cuideachta iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord le tabhairt faoina fheidhm iniúchta inmheánach. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánach de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Bíonn anailís ar an riosca don PIAB mar fhianaise don obair iniúchta inmhéanaigh. Tá Coiste Airgeadais bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar bhuiséadú, agus chun forbhreathnú a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais i gcoitinne. Is é an Príomhfheidhmeannach a cheadaíonn an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus bíonn siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir ceadaithe an Bhoird.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím nach ndearnadh athbhreithniú foirmiúil agus mionsonraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i ndáil le 2006. Tá an t-athbhreithniú sin sceidealta le haghaidh 2007.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Bhoird



**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach, An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta*

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – D'Éileamh – Do Ghlaoch 1890 829 121

Bosca P.O. 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí
LóGhlao 1890 829 121
www.piab.ie